# An Próiseas AFMÁ: Léargas Ginearálta

| Roimh an gCruinniú AFMÁ | |
|---|---|
| ***Dualgas na Múinteoirí*** | |
| | Breithiúnas ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí anótáilte CNCM atá ábhartha mar is gá (www.curriculumonline.ie)<br>Nóta den tuairiscín a bronnadh ar gach scoláire agus pointe ar bith eile ar mhaith leo tagairt dó nó a mheasann siad a bheith úsáideach le linn an chruinnithe AFMÁ<br>Sampla amháin, más féidir, do gach tuairiscín, a aimsiú le húsáid le linn an chruinnithe AFMÁ<br>Sonraí de na samplaí oibre le haghaidh plé a chur ar aghaidh chuig an éascaitheoir roimh an gCruinniú AFMÁ |
| ***Dualgas an Éascaitheora*** | |
| | Samplaí d'obair a chur na múinteoirí chun tosaigh a bhailiú agus a chóipeáil<br>Ord reatha an chruinnithe AFMÁ a eagrú |
| **Le linn an Chruinnithe AFMÁ** | |
| ***Dualgas na Múinteoirí*** | |
| | Sampla amháin ag leibhéal "Nár chomhlíon na hIonchais Fós" a chur i láthair<br>Súil a chaitheamh ar an bpíosa oibre le chéile<br>Nóta a bhreacadh de na himpleachtaí a bhaineann leis na cinntí a dhéantar le linn an chruinnithe maidir leis an gcuid eile d'obair an scoláire<br>Díriú ar an gcur chuige 'is fearr oiriúint' a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an tuairiscín is oiriúnaí ar an iomlán don obair atá á plé,<br>An próiseas a leanúint ar a sheal i gcomhair sampla ag leibhéal na dtuairiscíní eile go léir |
| ***Dualgas an Éascaitheora*** | |
| | An cruinniu a thosú agus béim á leagan ar leanúnachas breithiúnais agus ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí<br>Béim a leagan chomh maith ar fhiúntas an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláirí An plé ginearálta ar shamplaí oibre agus ar Thuairiscíní a threorú agus nóta a bhreacadh d'aon chinntí a dhéantar<br>Féachaint chuige go mbíonn comhaontú ann ach díriú ar fhorbairt eolas gairmiúil agus scileanna |
| **I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ** | |
| ***Dualgas na Múinteoirí*** | |
| | Meabhraíonn gach múinteoir ar mheasúnú obair a gcuid scoláirí bunaithe ar an gcruinniú AFMÁ<br>Seolann isteach a gcuid tuairiscíní deiridh do gach scoláire |
| ***Dualgas an Éascaitheora*** | |
| | Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh chuig an bPríomhoide<br>Meabhrú ar na nithe ar éirigh go maith leo nó ar a bhféadfaí a fheabhsú don chéad chruinniú eile AFMÁ<br>Is féidir leis an éascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí, más mian leo, cuid d'obair na scoláirí a chur isteach i mbanc samplaí:<br>• Chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua<br>• Chun cabhrú le cruinnithe AFMÁ amach anseo<br>• Chun úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí trí chaighdeán na hoibre a baineadh amach a léiriú. |